an páipéar bán

An Caibideal fán Gaeltaċt

Moladh 94: Go ndéanfaí forbairt hór ar iascach an éisc shliogaigh Ghaeltacht—níor mhór chuige feabhsú éigin a dhéanamh ar uanta agus céibheanna atá ann bi láthair. Go gcuirfí scéim i feidhm gan mhoill sa Ghaeltacht haghaidh fruilcheannach mótar-ád athláimhe, mar atá luaite sa áipéar Bán a foilsíodh in Aibreán, 62.

Moladh 95: Go ndéanfaí cuid de haonaid phróiseáilte bia atá mol-againn a shuíomh in áiteanna a féadfaidís freastal ar ghabhálacha c ó na limistéir Ghaeltachta.

Moladh 96: Go gcabhródh an ord Iascaigh Mhara le saoir-acht bád a chur chun sinn sa aeltacht, trí theagasc ar léamh eanna agus sonraíochtaí bád a abhairt do na saoir bád sna lim-éir sin d'fhonn iad a spreagadh un tairiscintí a chur isteach i ás na mbád beag a bheadh le anamh don Bhord.

128. Le blianta beaga anuas, tá Rialtas ag treisiú lena gclár chun nscal an iascaigh mhara a fhor-irt. Tá limistéir mhóra sa aeltacht a bhfuil deis ar leith ag daoine iontu ar thairbhe a aint as a bhfuil de chúnamh us de spreagadh á thabhairt uige sin. Féadfar báid nua, agus id ar athdhíol, agus fearas dóibh, cheannach ar théarmaí an-aithe; tá saorsheirbhís chigir-chta bád, agus saoráidí oiliúna, fáil; tá cuanta á bhforbairt agus argaí á soláthar. Toisc gur féidir dhm mhór a bhaint as an iascach ara chun fostaíocht a sholáthar us breis airgid a shaothrú ina limistéir sa Ghaeltacht, tá súil an Rialtas go mbeidh éileamh os mó ag daoine sna limistéir sin coitinne ar na scéimeanna oiliúna iascaireacht. Baineadh leas aith astu ar Oileáin Árann; héidir gurb iad na ranganna a í ar siúl i gCill Rónáin faoi oimirce Choiste Gairmoideachais ontae na Gaillimhe, agus a raibh agasc ar leith á thabhairt iontu chúrsaí a bhaineann leis an caireacht, ba chúis leis sin. Chun músclófaí suim níos mó agus os fairsinge sna saoráidí sin, reagfaidh an tAire Oideachais oistí Gairmoideachais chun rang-na den sórt sin a chur ar fáil, air is féidir sin, in áiteanna eile Ghaeltacht.

129. Le go mbeadh calafort riúnach chun mórfhorbairt a éanamh air, ní foláir dó coinníol-cha an-diana a shásamh. Togh-h calafoirt le haghaidh a mór-orbartha tar éis mionscrúdú a eith déanta, agus moltaí a bheith gtha, ag Mr. C. Bjuke, comhair-oir ón tSualainn. Níor chomhlíon n chalafort i limistéar Gaeltachta coinníollacha sin, ach as na cúig alafort a toghadh (Na Cealla eaga, Gaillimh, Baile Chaisleán héara agus an Dún Mór Thoir) tá ithre cinn i gcóngar do bhráite a bíonn iascairí ón nGaeltacht ag scaireacht air, agus cuideoidh siad mór leis an iascahc mara a fhor-irt sa Ghaeltacht. Thairis sin, tá lafort maith in Ailt an Chorráin, nBaile Chloch na Rón, sa Dain-an, i mBaile na Scealg, i nDún Séad agus sa Rinn. Bíonn Aire Gaeltachta agus an tAire Tailte sta i gcónaí breithniú fabhrach dhéanamh ar aon chás a chuir-h iascairí ón nGaeltacht faoina bráid ag iarraidh áiseanna cuain os fearr.

130. Tá breith ar an trádáil i ach cineál éisc a leathnú ar an argadh cois baile agus ar mhargaí ar lear. Is fíor sin go háirithe i ás éisc shiolgaigh de chineálacha rithe, ar nós na ngliomach agus bpiardóg, atá flúirseach ar eallbhord na Gaeltachta. Tá aird leith á tabhairt ar fhorbairt na ascaireachta ar iasc sliogach a néadú. Cheana féin, tá cion maith ór de ghabháil iomlán an éisc liogaigh á sholáthar ag iascairí ón Gaeltacht a úsáideann báid heaga. Báid iomartha is mó a íonn acu, agus cuirfear go mór na ngabhálacha éisc nuair a ainfidh na hiascairí leas níos mó na báid bheaga innill atá á gcur ar fáil ar théarmaí maithe íocaíochta ag an mBord Iascaigh Mhara. Tá saoráidí chun báid a fhruilcheannach ar athdhíol, cibé acu le haghaidh iascaireacht an éisc shliogaigh nó éisc eile é, ar fáil sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di. I gcás na mbád a bhíonn ag gabháil d'iascaireacht an éisc shliogaigh, ní gá mórán áiseanna chun an t-iasc a chur i dtír, ach má bhíonn gá le feabhsú ar na háiseanna sin tá an Roinn Tailte agus Roinn na Gaeltachta sásta cibé cabhair atá riachtanach a sholáthar. Tá feabhas curtha cheana féin ar mhórán calaí den sórt sin, agus tá cinn eile á bhfeabhsú nó tá sé beartaithe iad a fheabhsú.

131. Níl an Bord Iascaigh Mhara ag gabháil go díreach do ghnóthaí trádála faoi láthair—taobh amuigh de na monarchana atá acu a oibriú i gcomhar le lucht na trádála—agus mar sin ní dócha go gcuirfidh siad leis na monarchana próiseála atá acu ar na Cealla Beaga, i nGaillimh agus i Scoil Mhuire. Is cúram de chuid na dtionscnóirí é a shocrú cá háit a mbeidh gléasraí próiseála acu ach, faoi mar a tharla i gcás mhonarchana an Bhoird, is ionad sa Ghaeltacht nó ina cóngar a thoghtar dá lán díobh, e.g., Ailt an Chorráin, Ceann Caslach, Carna, Dairbhre, Baile Chaisleáin Bhéara, agus Clanna Chaoilte.

132. Tá láithreacha bádtogála ag Bord Iascaigh Mhara i nDún na Séad, sa Daingean, agus ar na Cealla Beaga, áiteanna atá sa Ghaeltacht nó in aice léi. Déantar báid suas go dtí 65 throigh ar fhad sna láithreacha sin. Tugtar obair freisin do shaoir phríobháideacha ag déanamh bád beag, agus tá cónaí ar a lán acu sin sa Ghaeltacht nó i ngar di. Is ar na hiascairí a mbíonn an bád ag teastáil uathu atá sé de chúram ar leith an saor bád a thoghadh, ach tugtar ordú ar bháid do shaoir sa Ghaeltacht go minic.

CUARTAÍOCHT

Moladh 97: Go rtabharfaí i bhfad níos mó poiblíochta, go luath sa séasúr, do thaitneamhacht na Gaeltachta mar ionad saoire, go háirithe do theaghlaigh; go ndéanfaí an phoiblíocht i measc Gaeilgeoirí, go mór mór, agus go dtabharfadh Bord Fáilte Éireann lántacaíocht don fheachtas poiblíochta agus d'fheabhsú ceantar saoire sa Ghaeltacht.

Moladh 98: Go ndéanfadh na heagraíochtaí deonacha Gaeilge Gaeilgeoirí a spreagadh chun a gcuid saoire a chaitheamh sa Ghaeltacht, agus gur chóir d'eagraíocht éigin acu Gníomhaireacht le haghaidh Saoire sa Ghaeltacht a chur ar bun.

Moladh 99: Go ndéanfadh eagraíocht Stát-urraithe, ar nós Gaeltarra Éireann, breithniú ar chúrsaí féachaint an bhféadfaí roinnt óstán nach mbeadh rómhór a thógáil sna limistéir Ghaeltachta a bhfuil áilleacht tíre agus trá ag baint leo. Nó, ina ionad sin, go dtoileodh an Stát deontais speisialta chuige sin a thabhairt do ghnólachta! eile a bhféadfaí bheith ag brath orthu chun na hóstáin a bhainistí ar dhóigh a bheadh le leas na Gaeilge. D'fhéachfadh lucht riartha na n-óstán le saol lán-Ghaelach a chur ar fáil dá gcuairteoirí; Gaeilge a bheadh á labhairt ag an fhoireann de ghnáth; agus bheadh siamsaí ar siúl iontu a thabharfadh léiriú ar a bhfuil de shaibhreas amhrán agus ceoil sa cheantar. Chuirfeadh na tithe ósta sin an-chuid fostaíochta ar fáil san áit le linn séasús na cuartaíochta, agus ina theannta sin chuirfidís margadh níos fearr ar fáil le haghaidh torthaí na háite, glasraí úra, iasc úr agus torthaí úra, agus mar sin de.

Moladh 100: Gur chóir d'eagraíochtaí agus do cheannairí áitiúla bheith ag síorchur in iúl do mhuintir na Gaeltachta cad iad na deontais éagsúla atá curtha ar fáil ag an Rialtas chun tithe a fheabhsú, uisce agus seomraí folcaidh, etc., a chur

(Ar lean ar leath. 6)

LITIR ṠASANA

Ag Breaṫnú Siar

DONALL MAC AMHLAIBH

Dia Máirt 1-3-1960.

Fíor lá Márta inniu ann; gaoṫ anoir aneas ag síor-séideaḋ go tréan agus na giorraíoċaí ag éirí meiḋreaċ ionnta féin. Ċonnaic mé péire acu ar maidin inniu ag riṫ is ag léimreaċ istiġ sa bpáirc agus ṫuig mé go raḃ an geiṁreaḋ ṫart. Tá na h-uan beaga ag éirí lionṁar freisin agus is ri-ḋeas an feic iad, 'ċaoi mbíonn siad ag riṫ go tuisleaċ ag iarraiḋ ḃeiṫ ag aiṫris ar na cinn is sine ná iad. Bíonn easpa urċóide agus simplíoċt i gcroí 'ċuile rud óg, duine nó ainmí, aċ nuair a ṫéiġeann siad i gcríonaċt bíonn a lorg féin fágṫa ag an saol orṫu. Naċ bfeicim an cailín beag sin a'ainne anois, bail ó Ḋia uirri, agus ċuirfeaḋ an rud is lú sa doṁan ag gáire í. Is giorra ḋí an t-áṫas ná an brón, fearaċt na n-uan beaga deasa seo naċ eol ḋóiḃ a gcinnúint. Ṡílfeá, le breaṫnú ar na sean-ċaoiriġ, 'ċaoi mbíonn siad só staidéarṫa sin ina luí 'siad ag cangailt leo i gcónaí, go mbíonn siad a' rá mar seo leis na cinn óga: "Ḃainigí sásaṁ as an uair seo mar is ró-ġéarr a ṡeasfas sí; tá siḃ daorṫa ċun ḃáis ċeana; dála muid féin; mar sin ní miste ḋíḃ taiṫneaṁ a ḃaint as an saol—as úir an féir glais as teas agus solás na gréine agus as diurnú caoin na gaoiṫe.

Tá na coiníní gnóṫaċ, freisin; ḃí poll fíor-ḋoṁain toċailte ag ceann acu inniu, sa mbruaċ, idir an t-am a ċuaiġ muid isteaċ ċuig an dinnéar agus an t-am a ṫáinic muid amaċ arís.

"By gor," arsa Goilín, "isn't the rabbitt a great little navvy to be able to dig three times his own depth in a short time like that? Sure Big Gordon there wouldn't dig his own depth in a day. I t'ink I'll start up a contract of me own and employ all rabbitts!"

Tá an-ṁéadú ṫéis leis a ṫeaċt ar líon na buíne seo le cúpla lá, aċ tá iarraċt de ṁí-ṡásaṁ ar a ḃfurmór in geall ar an dá ṡeal oíċe seo tá le ḃeiṫ ann.

Ḃí píosa mór ar an "Mirror" inniu faoi Margaret Barry—go mbeiḋ sí ag aṁránaíoċt san Albert Hall faoi Lá Féil' Pádraig, agus faoi gur ċorónuiú mar bainríoġan ar na tinncéirí í annsin le goirid. Tá léi anois má ṫugann sí aire ḋí féin agus gan a cuid airgead a ċaiṫeaṁ go fánaċ; aċ ar cuma eicínt tá barúil a'm go mbeiḋ sí arais i gCamden Town arís mar naċ mbíonn sé de ċiall in daoine mar sin fanaċt in uaċtar ar fad aḃfad. Aċ tús na breiṫe ag Dia, mar a deirtí fadó.

Dia Ceadaoin 2-3-1960

Ceadaoin na Luaiṫre agus leaṫ an 'gang' seo éiriṫe as na toitíní. cibé méad acu a ṡeasfas leis. Tá Máirtín Ó Tuaṫaill é féin éiriṫe asta agus is mór an íobairt dó é mar tá sé ṫar a ḃeiṫ trom orra. Tá Taḋg ṫéis éirí asta freisin agus furasta aiṫne, tá sé an-ḃréan de féin inniu.

Ċaiṫeá gáire a ḋéanaṁ faoi ḟear mór Ċaisleán an Ċumair ag cur síos ar gaċ dár éiriġ ḋó ó ṫáinic sé den tseal oíċe ar maidin Dé Luain.

"Ḃí sé cinnte orm aon néal a ċodlaḋ," ar seisean, "agus ó ḃí glac beag scilleaċa fannta agam ċuaiḋ mé amaċ ag ól 'scrumpy' sa 'mBell'" (teaċ mór scrumpy í an 'Bell'; díoltar ar scilling an pionta é agus ní mórán de a ḃeaḋ ólta agat go mbeiṫeá ar ḋearg meisce); "Ḃeul ní cuimneaċ liom mórán dár éirí ḋom ina ḋiaiḋ sin aċ tóg na póilí ar mé agus fuaireadar leaba ḋom san Institiúid" (ainm galánta é sin do ṫeaċ na mboċt na linne seo). "Ḃeul ḃí mé mo ċoḋlaḋ annsin nó gur ṫosuiġ mé ag táiḋriú amaċ i lár na h-oíċe. B'ḟactas ḋom go raḃ an traen ag teaċt agus d'éirí mé suas gur ḋúisiġ mé gaċ dá raḃ istiġ sa tseomra sin de ṫreampannaí boċta, 's mé ag ḃéiciú. 'Éirigí, éirigí, tá an Heysham go London ag déanaṁ anuas orṫainn.' Ċaiṫeaḋ amaċ as ar maidin mé gan bricfeasta ar biṫ."

Is mór an díol truaí é, dáiríre. an diaḃal boċt, gan tada ina ḃolg is gan aċ sean-ġioḃaill éadaí ar a ḋruim, fear breá mór mar é ar ċeart ḋó ḃeiṫ aḃfad é níos ċoṫuí.

Ċuaiġ muid ag iarraiḋ na Luaiṫre beannuí anoċt; ní ḃfuiġeá áit ṡeasaṁ istiġ i dTeaċ an Pobail. Tá Misiún le ḃeiṫ ann as seo go ċeann ċoicís eile agus ċeapfainn go mbeaḋ an-ḟreastal air.

Diardaoin 3-3-1960

Ṫugas 'Lorg an Ḃéarla' amaċ i mo póca inniu liom le staidéar a ḋéanaṁ ar ċeart na teangan agus déarfainn gur ḃain mé tairḃe as gaċ dár léiġ mé ann. Níl baol ar biṫ naċ gcuirfeaḋ sé ar do ḟaiċill tú roiṁ na tuplaisí coitcianta sin is dual don duine a ċleaċtuíonns an Béarla. Cuid de na somplaí a ṫuganns sé, áfaċ, ní ḋéarfainn go scríofaḋ ná go n-aḋróḋ duine ar biṫ iad. Leiṫéide í seo, cuirim i gcás: "D'ḟoġlaim sé ón a aṫar go raḃ an t-airgead caiṫte."

Tá leaganaċaí go leor eile tá loċtaċ, dár leis, aċ sílim go ḃfuileadar có ċoitianta sin sa nGaeltaċt anois gur fearr glacaḋ leo. "Tá sé deacair freastal ḋóiḃ go léir," ceann acu. Cluinim na leadsaí seo as Tuar Ṁic Éide a' rá rudaí go leor naċ mbeaḋ an Maolánaċ sásta leo ċor ar biṫ. Aḃraíonn siad "Tá sé dóiliġ é ṡeasaḋ." agus rudaí beaga go leor mar sin naċ móide iad a ḃeiṫ ró-ċruinn. D'ḟiafraiġ mé de Ṫomás cé ċaoi nḋéarfaḋ sé "The prisoners were then brought before the court," agus seo é mar a d'aistriġ sé é: "Tugaḋ na príosúnaiġ ar aġaiḋ na cúirte annsin." Níl fios agam an ċirte é sin ná "Tugaḋ na príosúnaiġ i láṫair na cúirte" (an rud tá sa leaḃar). Agus sin é rud eile a fuair mé amaċ le linn dom ḃeiṫ ag ceistniú Tomás faoi leaganaċaí ċainnte tá sa leaḃar seo. Féadfaiḋ Gaeilgeoir dúċais a ċuid smaointe a noċtaḋ de h-abairtí deasa slaċtṁara nó go iarrfar air Gaeilge a ċur ar abairt Ḃéarla, agus annsin, 'ċuile ṡeans go nḋéanfaiḋ sé praiseaċ den abairt tá ḋá n-aistriú aige. D'iarr mé ar Ṫomás is ar Ṫaḋg inniu Gaeilge a ċur ar ċúpla rá a ḃí sa leaḃar agus le iad a ċloisteáil ag iarraiḋ na focla feilteaċa a ṫarraingt ċuca féin déarfá go mba fir iad a ḃí ar ḃeagán Ġaeilge; aċ dá mbeiṫeá gan é ḟiafrú ḋíoḃ ċor ar biṫ, agus dá dteastóḋ uaṫa féin an abairt céadna a rá, ní ḃeaḋ bac ar biṫ orṫu ag teaċt amaċ leis go beaċt is go cruinn. Agus ós ag caint ar Ġaeilge é, ṫug mé faoi deara inniu go n-úsáideann leadsaí Ṫuair Ṁic Éide an ḟocal sin "galánta" san áit a déarfaḋ muide "aisteaċ" nó "greannúir."

Is barrúil an duine é an fear mór úḋan as Caisleán an Ċumair. Céard a ḃeaḋ amaċ leis inniu ċuig an obair aċ beart mór de na paimfléidí taistil sin a raḃ sé ṫéis fios a ċur orṫu tríd an bpost. Ḃí sé ḋá léaṁ annsin ḋó féin istiġ i gcúinne an Elefant sul má ṫug éinne faoi deara é. Scaip sé ṫart orainn ag cur spéis ionnta, agus a leiṫéide de ċnuasaċt ní faca mé ariaṁ!

"Sunny Spain Invites You" a ḃí ar ċeann acu agus ḃí pictiúirí áille de ḋeiscirt na tíre sin ann agus taoḃ ṫíos ḋíoḃ sin — rud a scannróḋ tú — costas an t-Saoire sin. Ḃí cinn eile ann ag molaḋ áilneaċt agus follántas an Tiról agus tuille ḋíoḃ ag impí ort cuairt a ṫúirt ar ḋúṫaiġ an Rhine le go mblaisfeá de fíon do-ṡárú an ċeanntair sin. Iarraḋ ort gan do saol a ċaiṫeaṁ gan taiṫneaṁ a ḃaint as atmosfaer rómánsúil sean-aimsearṫa Heidleberg; agus ba beag nár ḋúraḋ leat naċ raḃ aon graiṫ i do ḃeaṫa a'd mura ḃfeicfeá spílí Moscó faoi ċaiḋp geal sneaċta. Ḃí ċuile tír san Eoraip agus ḃí ceann nó ḋó ann ina raḃ cur síos ar ṁaorgaċt agus diaṁaireaċt an Grand Canyon agus fásaċ nó gaineaṁlaċ Arisóna. Aċ cé'n brí aċ an buc a ḃí ṫéis fios a ċur orṫu—é ag ċodlaḋ amuiċ le dá lá, gan greim ina ḃolg aċ an méid a ḃí na buaċaillí ṫéis a ṫúirt dó le teann truaí ḋó, agus sean-ḟeisteas stróicṫe air Doṁnaċ is Dálaċ.

D'ḟiafraiġ muid de cé le h-aġaiḋ a mbíoḋ sé ag cur fios ar rudaí mar sin nuair naċ raḃ sé in acfuinn a ḋul go Londain ar an traen gan bacaḋ leis na h-áiteaċa aḃfad i gcéin mar sin; agus ar seisean:

"Arrah, sure I likes to be readin' about all them places and imaginin' I'm goin' off on a holiday with a rake of Lion's Tails (páipéirí £5) in me back pocket."

An fear boċt dí-ċéillí, mura mbéarfaiḋ sé greim air féin go lua agus a éirí as ḃeiṫ ag ól an sean-cider lofa sin, tá faitíos orm naċ mórán 'roḃailleaċaí leoṁain' a ḃéas aige. Coḋluíonn sé amuiċ bunáiṫe an ama (cé's móite de corr-oíċe san Institiúd) agus ní ḃíonn béile ceart aige aċ cúpla lá den tseaċtain. Ṡíleá sa diaḃal go ḃféadfaḋ sé é féin a ċoṫú sáċ maiṫ agus neart agus fuíollaċ a ḃeiṫ fannta aige don ól nuair naċ ḃfuil aon ċúram eile air. Aċ tá sé i sáinn ceart; nuair naċ mbíonn sé sáċ coṫuí ní ḃíonn fonn air mórán laeṫeanntaí a oiḃriú agus ó naċ n-oiḃríonn sé mórán laeṫeanntaí ní ḃíonn caoi a ċoṫaiṫe aige.

Tá an ḃuíon seo a'ainne méadú go mór anois le scaṫaṁ agus tá gar do ḋaċad fear anois ann. Fostuíoḋ cuid ṁaiṫ Ṡasanaiġ le seaċtain nó mar sin agus tá mé cráiṫte ag duine acu, 'Braefield' a ṫugann siad air mar ġeall ar gur as an baile sin. Níl uair ar biṫ dá dtéiġim ag léaṁ leaḃair i riṫ an t-sósa naċ dtiocfaiḋ sé de mo ċeistniú faoi cé'n sórt leaḃraí ar ṁaiṫ liom agus ag geallaḋ ḋom go dtiúrfá sé cnuasaċt "Cowboys" amaċ ċugam. Rud is measa fós tosuíonn sé ag aiṫris dom scéal eicint a léiġ sé; mura mbím ag túirt dóṫain áirde air tosnóċfaiḋ sé de mo ḃroideaċ ag iarraiḋ mo ṡuim sa rud a ṁúscailt. Tá faitíos orm go gcaiṫfiḋ mé aṫrú amaċ as an Elefant uiliġ agus iarraċt a ḋéanaṁ ar áit ḟáil sa mboṫ eile in éindiġ le na cearrḃaċaí.

Is gearr a ṁair cuid acu seo ar a gcargaois. Ṫosaiġ an ganger ag caiṫeaṁ aréir agus tá Taḋg tosuí ó ṁaidin inniu. Ceart go leor, don té a ḃfuil an-dúil i dtoitíní aige, is ri-dóiliġ a ḋéanaṁ dá uireasa. Níl eiriṫe as rud ar biṫ agam féin an geaḃ seo aċ ċaiṫfiḋ mé iarraċt a ḋéanaṁ ar a ḋul ċuig an bpaidrín níos minicí.